

## Comhairliúchán Poiblí


Is féidir aighneachtaí a sheoladh tríd an gcuid "Comhairliúchán Poiblí" ar láithreán gréasáin an Údarás Náisiúnta Iompair [www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie), nó tríd an bpost chuig Comhairliúchán Bus Gasta, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 roimh 5 i.n. ar an Máirt 18 Márta, 2014.

### Cad a tharlaíonn ansin?

Cuirfear an comhairliúchán poiblí san áireamh nuair a chuirfear bailchríoch ar an mbealach sainroghnaithe. Beidh comhairliúchán poiblí eile ar siúl arís maidir le sonraí na scéime deiridh a bheidh beartaithe.

Caithfear iarratas, ina mbeidh Ráiteas Tionchair Timpeallachta, a dhéanamh chuig an mBord Pleanála chun cead pleanála a fháil chun togra BRT Shoid/an Aerfoirt go Lár na Cathrach a fhorbairt.

Tá scéim BRT Shoid / an Aerfoirt go Lár na Cathrach aitheanta ar cheann de na chéad scéimeanna BRT i mBaile Átha Cliath a bhfuil seans maith go rachaidh siad chun cinn. Tá sé i gceist iarratas ar chead pleanála a dhéanamh chuig an mBord Pleanála níos déanaí in 2014. I ndiaidh cead pleanála a fháil, meastar go dtógfadh sé thart ar dhá bhliain go leath an togra a thógáil. Mar sin féin, ní rachaidh an scéim ar aghaidh mura mbeidh maoiniú ar fáil.



Sord/Aerfort go Lár na Cathrach  
Foghlaim tuilleadh faoi Swiftway



## ➤ Cad é Bus Gasta?

Ciallaíonn Bus Gasta (nó BRT) córas iompair bus d'ardchaighdeán atá cosúil le hoibríochtaí mar an Luas. I measc na ngnéithe tá siad seo a leanas:

- Feithiclí nua-aimseartha, slachtmhara ar a bhfuil cúpla doras
- Úsáideann siad a lána BRT féin nó lána Bus/BRT roinnte
- Tugtar tús áite d'fheithicil BRT ag comharthaí tráchta
- Stadanna breátha agus bordáil cothrom ag dul ar bord agus ag teacht anuas de na feithiclí
- Ticéadú seachtrach (ticéid a cheannaítear roimh ré nó cártaí Leap)
- Stadanna atá lonnaithe go háisiúil le spásáil bharrmhaith

Is **Swiftway** an t-ainm a bheidh ar an tseirbhís BRT i mBaile Átha Cliath. Is iad seo a leanas na trí chonair atáthar i gceist a fhorbairt mar bhealaí Swiftway:

- **Sord/Aerfort go Lár na Cathrach**
- **Baile Bhlainséir go COBÁC**
- **Cluain Ghrifín go dtí Tamhlacht**



## ➤ Bealach BRT Shoird / an Aerfoirt go Lár na Cathrach

Tá sé i gceist go bhfreastalóidh an scéim seo ar an gconair ghnóthach idir Sord agus Lár na Cathrach, agus 24 stad ag príomh-áiteanna feadh an bhealaigh agus seans ann go gcuirfear trí stad bhreise leis amach anseo.

Tosaíonn an tseirbhís atá beartaithe ó thuaidh de Shord ar Bhóthar Ráth Béil, gar dá acomhal le Bóthar Ghleann Eibhlín. Ó Pháirc Gharrán na Giúise téann sé ar nasc BRT amháin go Bóthar an Mhóinéir Leathain agus chomh fada le Faiche Ghráinseach an Chaisleáin, sula gceanglóidh sé le Timpeallán Bhóthar an Inbhir ar an R132.

Leanfaidh an bealach ansin an R132, feadh Sheachróid Shoird agus Bóthar Bhaile Átha Cliath, ag freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath sula gcasfaidh sé soir chomh fada le Lána na Cúlóige sa Seantrabh. Ó Thimpeallán Lána na Cúlóige rachaidh sé ó dheas go stad "Seantrabh ó Dheas" ag Bóthar Sheantalaimh, a fhréastalóidh ar cheantair Beaumont chomh maith leis an Seantrabh ó dheas.

Leanann an scéim ó dheas feadh Bhóthar Shoird, Bhóthar Dhroim Conrach agus Sráid Dorset Íochtarach, sula gcasfaidh sé isteach ar Bhóthar Belvedere agus ar aghaidh go Cearnóg Mhuirfean. Ansin téann an tseirbhís trí Shráid na Danmhairge Mhór agus ó dheas trí Shráid Uí Chonaill.

Ó dheas den Life, Feidhmíonn an scéim feadh Shráid D'Olier agus Shráid an Phiarsaigh, agus lánaí BRT/Bus in aghaidh an tsrutha ar na sráideanna sin, sula gcasfaidh sí isteach i Rae an Iarthair agus ar aghaidh chuig Cearnóg Mhuirfean Thiar.

Ag dul trí Phlás Íle, Sráid Hume agus Faiche Stiabhna Thoir, tagann deireadh leis an scéim le stadanna atá lonnaithe ar Ardán Phort an Iarla agus Sráid Líosain Íochtarach.

## ➤ Cén fáth a mbeidh Bus Gasta ar an gconair seo?


Is mórchonair iompair é Conair Shoird / an Aerfoirt go Lár na Cathrach agus roinnt ceann scríbe feadh an bhealaigh, nó gar dó. Ina measc sin tá Aerfort Bhaile Átha Cliath, Seantrabh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Phádraig, roinnt ospidéal chomh maith le limistéar mór fáis Shoird féin.

Tá an chonair an-ghnóthach cheana féin agus tá acmhainn bhreise ag teastáil inti le freastal ar an

bhás a mheastar a thiocfaidh ar chúrsaí taistil feadh na conaire amach anseo. Cé go dteastóidh réiteach bunaithe ar iarnród go fadtéarmach, soláthrófar seirbhís iompair phoiblí mhealltach go gearr- agus go meántéarmach.

I measc na ngnéithe is mó a bhain leis an gcóras BRT tá minicíocht na seirbhíse agus iontaofacht na dtréimhsí taistil. Tá sé i gceist seirbhís BRT Shoird / an Aerfoirt go Lár na Cathrach a chur ar bun thart ar gach ceithre nóiméad sa bhuaicuar agus beidh an sprioc-thuras ó Shord go Droichead Uí Chonaill thart ar 35 nóiméad – laghdú aon trian ó na tréimhsí turais bus reatha a théann ar an gconair seo.

## ➤ Gréasán Beartaithe



**EOCHAIR**

- Bealach Bhaile Bhlainséir go COBÁC
- Bealach Shoird go Lár na Cathrach
- Bealach Chluain Grifín go Tamhlacht
- Ag dul aontreo
- Stad atá Beartaithe Amach Anseo
- Stad Acomhail Bhealaí Swiftway
- Aerfort
- Carrchaladh
- Iarnród (DART, Comaitéireacht & Idirchathrach)
- Stáisiún Bus Busáras
- Tram (Líne Dhearg an Luas)
- Tram (Líne Ghlas an Luas)